**RABHADH**
**Ní mór duit an páipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna**

**Scrúduimhir an Iarrthóra**

☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2017

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 13 MEITHEAMH 2017 – MAIDIN 9.30 – 12.00

## ROINN A

**(80 marc)**

- Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.
- Freagair **GACH** ceist.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, fóiliónna agus dátaí san áireamh de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

# ROINN A

## (80 marc)

**Freagair an 20 ceist ar fad.  Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist**.

---

**1.** Úsáidtear na ceannlitreacha seo a leanas i gcúrsaí Leabharchoimeádta.  Cad dó a seasann siad?

| | |
|---|---|
| **T/A** | |
| **MLG** | |
| **Dr** | |

**2.** Sainaithin sampla **amháin** de Chaiteachas Reatha Rialtais agus sampla **amháin** de Chaiteachas Caipitiúil Rialtais sa **Roinn Oideachais agus Scileanna**.

| | |
|---|---|
| **CAITEACHAS REATHA** | |
| **CAITEACHAS CAIPITIÚIL** | |

**3.** Líon isteach na **trí** bhosca bhána uimhrithe **(i)** go **(iii)** chun an sliocht as an gClár Comhardaithe thíos a chomhlánú:

| **Sliocht as Clár Comhardaithe ar 31-12-2016** | | |
|---|---|---|
| | € | € |
| Maoinithe ag | | |
| **(i)** | | 440,000 |
| Cúlchiste | | **(ii)** |
| | | 620,000 |
| Dliteanais Fhadtéarmacha | | 150,000 |
| **(iii)** | | 770,000 |
| | | |

**4.** Tá na figiúirí seo a leanas sna Cuntais Chríochnaitheacha ag cuideachta:

**Sócmhainní Reatha €110,000** **Dliteanais Reatha €55,000** **Stoc Deiridh €22,000**

Ríomhtar an Cóimheas Fíorthástála/Mearchóimheas mar seo a leanas:
Mearshócmhainní : Dliteanais Reatha

Ríomh an Cóimheas Fíorthástála/Mearchóimheas:
(Taispeáin do chuid oibre.)

| **Freagra** |
|---|
| : |

| Obair |
|---|
| |

**5.** Mínigh an téarma 'córas geilleagrach lárphleanáilte'.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**6.** Ar 6 Meitheamh 2017, cheannaigh R. Ó Conchúir, miondíoltóir, earraí ar €100 in airgead tirim. Ní raibh CBL ar bith le híoc ar na hearraí seo. Comhlánaigh **Cuntais Mhórleabhair R. Uí Chonchúir** agus taispeáin ainmneacha na gcuntas agus na sonraí ábhartha, uimhrithe ó **(i)** go **(iv)**:

**(i) Cuntas** ____________________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| 2017 Meith. 6 | **(ii)** | 100 | | | |

**(iii) Cuntas** ____________________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2017 Meith. 6 | **(iv)** | 100 |

**7.** Comhlánaigh **agus** comhardaigh an Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe ar an 31 Bealtaine 2017 ón eolas seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Iarmhéid na bhFéichiúnaithe ar an 1 Bealtaine 2017 | 1,700 |
| Airgead tirim iomlán a fuarthas ó fhéichiúnaithe i mí na Bealtaine | 2,100 |
| Iomlán na nDíolachán creidmheasa i mí na Bealtaine | 9,400 |

| Dr | | **Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe** | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**NÓ (Formáid Mhalartach)**

| **Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | € | € | € |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**8.** Mínigh an téarma 'Dliteanas Teoranta'.

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

**9.** Cuir tic (✓) sna colúin chuí le taispeáint cén áit sna cuntais chríochnaitheacha de ghnólacht gruagaireachta ba cheart na míreanna seo a leanas a iontráil ar an 31/12/2016:

| | **Ráiteas Oibriúcháin** | **Clár Comhardaithe** |
|---|---|---|
| Díolachán Táirgí Gruaige | | |
| Dímheas Trealaimh | | |
| Árachas | | |

**10.** Bhí airgead póca €20 ag Bróna agus bhí sí idir dhá chomhairle an gcaithfeadh sí ar chreidmheas fóin é nó ar chuairt go dtí an phictiúrlann. Chinn sí ar chreidmheas fóin a cheannach.

(i) Cén deischostas a bhí i gceist leis seo? ____________________________________________

(ii) Cén costas airgeadais a bhí i gceist? ____________________________________________

**11.** (i) Iontráil na hiarmhéideanna seo a leanas i Leabhar Cúnta Ginearálta Dolman Teo. atá páirtchomhlánaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1 Eanáir 2017 | Banc | €19,000 |
| | Creidiúnaithe | €61,000 |

(ii) Ríomh an Gnáth-Scairchaipiteal:

| **Dolman Teo. – Leabhar Cúnta Ginearálta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr |
| | | | € | € |
| | Áitreabh | $MLG_1$ | 555,900 | |
| | Banc | $LA_1$ | | |
| | Creidiúnaithe | $MLC_1$ | | |
| | Gnáth-Scairchaipiteal | $MLG_2$ | | |
| | *Sócmhainní, Dliteanais agus Scairchaipiteal Dolman Teo. ar an dáta seo.* | | | |

**12.** Déan idirdhealú idir deontas agus iasacht:

______________________________________________________________________________


______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**13.** Comhlánaigh an bealach dáileacháin seo a leanas:




**14.** Chonaic Séamus de Faoite, a bhfuil spéis mhór aige i léitheoireacht agus i gcúrsaí spóirt, an promóisean seo a leanas ina shiopa leabhar áitiúil: Trí cinn ar phraghas dhá cheann (An ceann is saoire saor in aisce).

Ríomh costas iomlán na leabhar seo a leanas ar Shéamus: An CLG Contae ar Chontae (€29.99), An Cath (€18.99) agus Ag Siúl go Clóchasach (€19.99).

| **Promóisean** | **Teideal** | **€** |
|---|---|---|
| 3 ar 2 | An CLG Contae ar Chontae | |
| | An Cath | |
| | Ag Siúl go Clóchasach | |
| | Costas Iomlán | |

| **Obair** |
|---|
| |

**15.** Taistealaíonn veain cuideachta 667 ciliméadar chun a earraí a sheachadadh.

Is féidir lena veain díosail 29 ciliméadar a thaisteal don lítear. Cosnaíonn an díosal €1.22 an lítear.

Ríomh costas iomlán an díosail chun na hearraí seo a sheachadadh.

Taispeáin do chuid oibre.

| **Freagra**: |
|---|
| € |

| Obair: |
|---|
| |

**16.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** luach saothair a bhaineann le féinfhostaíocht:

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**17.** I **gColún 1** tá liosta de Théarmaí Tomhaltais. I **gColún 2** tá liosta ráiteas ar féidir iad a mheaitseáil leis na Téarmaí Tomhaltais seo.

*(Tá ráiteas amháin ann nach mbaineann le ceann ar bith de na Téarmaí Tomhaltais.)*

| Téarmaí Tomhaltais | Ráitis |
|---|---|
| **1.** Mianach Inmhargaidh | **A.** Duine a cheannaíonn earraí agus seirbhísí |
| **2.** Tomhaltóir | **B.** Foirm chúitimh |
| **3.** Deisiúchán | **C.** Ba chóir go mbeadh earraí i gcomhréir le sampla |
| | **D.** Ba chóir go ndéanfadh earraí a bhfuil siad ceaptha a dhéanamh |

Cuir litir an ráitis atá ceart faoin uimhir ábhartha thíos agus meaitseáil an dá liosta:

| **1.** | **2.** | **3.** |
|---|---|---|
| | | |

**18.** Iontráil an beart seo a leanas i Leabhar Aischur Amach Riviera Teo:

Ar an 31 Bealtaine 2017, chuir Sláine Teo. earraí de luach €1,700 ar ais go dtí Riviera Teo. (nóta creidmheasa Uimhir 56). Ba é 23% an ráta CBL ar na hearraí seo.


| **Riviera Teo. – Leabhar Aischur Amach** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Uimh. NC | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
| | | | | | | |

**19.** Comhlánaigh an sliocht seo a leanas as sonrasc:

| | € |
|---|---|
| Iomlán (gan CBL san áireamh) | **2,800.00** |
| Lascaine Thrádála **30%** | |
| Fo-iomlán | |
| CBL **23%** | |
| Iomlán (CBL san áireamh) | |

**20.** Sainaithin **trí** thoisc tháirgeachta atá léirithe thíos. Scríobh do fhreagraí sna spásanna bána.

*(Tá freagra amháin comhlánaithe.)*

| | | | |
|---|---|---|---|
|   |  |  |  |
| (i) **Fiontraíocht**: Facebook (Mark Zuckerberg) | (ii) | (iii) | (iv) |

| Le húsáid le Roinn B - Ceist 1 (A) |
|---|

| TEAGHLACH UÍ DHRISCEOIL | AN CHÉAD BHUISÉAD | | | | AN BUISÉAD LEASAITHE | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | IÚIL | LÚN | M.F. | IOMLÁN | IÚIL | LÚN | M.F. | IOMLÁN |
| IONCAM PLEANÁILTE | € | € | € | € | € | € | € | € |
| Bean Uí Dhrisceoil | 4,200 | 4,200 | 4,200 | 12,600 | | | | |
| An tUas. Ó Drisceoil | 1,600 | 1,600 | 1,600 | 4,800 | | | | |
| Sochar Leanaí | 420 | 420 | 420 | 1,260 | | | | |
| Eile | | | | | | | | |
| **IONCAM IOMLÁN** | 6,220 | 6,220 | 6,220 | 18,660 | | | | |
| CAITEACHAS PLEANÁILTE | | | | | | | | |
| *Seasta* | | | | | | | | |
| Morgáiste | 750 | 750 | 750 | 2,250 | | | | |
| Aisíocaíochtaí Iasachta | 525 | 525 | 525 | 1,575 | | | | |
| Árachas | 135 | 135 | 135 | 405 | | | | |
| Fo-iomlán | 1,410 | 1,410 | 1,410 | 4,230 | | | | |
| *Neamhrialta* | | | | | | | | |
| Costais Teaghlaigh | 1,840 | 1,840 | 1,840 | 5,520 | | | | |
| Costais Ghluaisteáin | 225 | 225 | 225 | 675 | | | | |
| Costais Solais agus Teasa | 300 | | 260 | 560 | | | | |
| Costais Teileafóin | 110 | 110 | 110 | 330 | | | | |
| Fo-iomlán | 2,475 | 2,175 | 2,435 | 7,085 | | | | |
| *Roghnach* | | | | | | | | |
| Costais Siamsaíochta | 300 | 300 | 300 | 900 | | | | |
| Féiríní | 280 | | 260 | 540 | | | | |
| Saoire | | 3,000 | | 3,000 | | | | |
| Fo-iomlán | 580 | 3,300 | 560 | 4,440 | | | | |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | 4,465 | 6,885 | 4,405 | 15,755 | | | | |
| Airgead Glan | 1,755 | (665) | 1,815 | 2,905 | | | | |
| Airgead Tosaigh | (800) | 955 | 290 | (800) | | | | |
| Airgead Deiridh | 955 | 290 | 2,105 | 2,105 | | | | |

## Le húsáid le Roinn B – Ceist 1 (B)

| (i) Ríomh cén céatadán d'ardú a gheobhaidh Bean Uí Dhrisceoil ar a pá mar gheall ar a hardú céime. Taispeáin do chuid oibre. | | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|
| **Freagra**: | **Obair**: | | |
| % | | | |

| (ii) Mínigh an téarma 'Caiteachas Roghnach'. | | |
|---|---|---|
| **Míniú**: | | |
| | | |
| | | |
| | | |

| (iii) Sa Chéad Bhuiséad, luaigh mí ina raibh ioncam pleanáilte níos mó ná caiteachas pleanáilte. | | |
|---|---|---|
| **Freagra**: | | |

| (iv) Sa Chéad Bhuiséad, cé mhéad a bhí teaghlach Uí Dhrisceoil ag súil lena choigilt sna trí mhí? | | |
|---|---|---|
| **Freagra**: € | | |

| (v) An buiséad maith é an Buiséad Leasaithe? | IS EA | | *(Cuir tic sa bhosca cuí)* | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | NI HEA | | | | |
| Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra. | | | | | |
| **Cúis 1**: | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Le húsáid le Roinn B Ceist 4 (A)** (ii)

<table>
<tr><td colspan="4">Árachas Saoil Cuad Teo.<br>Foirm Thogra</td></tr>
<tr><td colspan="4">Freagair gach ceist go hiomlán agus go fírinneach</td></tr>
<tr><td>Ainm</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Seoladh</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Aois</td><td></td><td colspan="2">Singil ☐ Pósta ☐</td></tr>
<tr><td colspan="2">Inscne Fireann ☐ Baineann ☐</td><td colspan="2">Gairm Bheatha</td></tr>
<tr><td colspan="4">Cineál polasaí atá de dhíth (Cuir tic)<br>Polasaí Dearlaice ☐ Polasaí Lánsaoil ☐</td></tr>
<tr><td colspan="2">Luach an Árachais Saoil atá de dhíth</td><td colspan="2">€</td></tr>
<tr><td colspan="4">Cuir tic sa bhosca cuí</td></tr>
<tr><td colspan="2">1. An bhfuil an tsláinte go maith agat?</td><td colspan="2">Tá ☐ Níl ☐</td></tr>
<tr><td colspan="2">2. An gcaitheann tú tobac?</td><td colspan="2">Caithim ☐ Ní chaithim ☐</td></tr>
<tr><td colspan="2">3. An ólann tú alcól?</td><td colspan="2">Ólaim ☐ Ní ólaim ☐</td></tr>
<tr><td colspan="2">4. An dócha go nglacfaidh tú páirt i ngairm bheatha ghuaiseach nó i gcaitheamh aimsire guaiseach?</td><td colspan="2">Is dócha ☐ Ní dócha ☐<br>Más dócha, tabhair sonraí<br>________________________________________<br>________________________________________</td></tr>
<tr><td colspan="2">Modh Íocaíochta</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="4">Dearbhú: Dearbhaím go bhfuil an t-eolas uile a tugadh thuas fíor agus iomlán.<br><br>Síniú: __________________________ Dáta: ______________________________________</td></tr>
</table>

| Le húsáid le Roinn B – Ceist 6 (A) (ii) |
|---|

**Obair**

| Ollphá | ÍMAT |
|---|---|
| Creidmheas Cánach | Eile |

(ii)

| Duillín Pá | | |
|---|---|---|
| Ainm: | | |
| Seachtain Uimh: | | |
| | | |
| Bunphá | € | |
| Ragobair | € | |
| **Ollphá** | ⟶ | € |
| Creidmheas Cánach | € | |
| **Asbhaintí** | | |
| ÍMAT | € | |
| ÁSPC/MSU | € | |
| Árachas Sláinte | € | |
| Coigilt | € | |
| **Iomlán na nAsbhaintí** | ⟶ | € |
| **Glanphá** | ⟶ | € |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN 'ROINN A' SEO A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2017**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 13 MEITHEAMH 2017 – MAIDIN 9.30 - 12.00

## ROINN B

**(160 marc)**

- Tá 40 marc ag gabháil le **GACH** ceist.
- Freagair **CEITHRE** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, fóiliónna agus dátaí san áireamh de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

**(A)** *Ar leathanach 9 de Roinn A* tá foirm don Chéad Bhuiséad agus do Bhuiséad Leasaithe do theaghlach Uí Dhrisceoil ó mhí Iúil go mí Mheán Fómhair 2017. I ndiaidh dóibh an Chéad Bhuiséad a ullmhú, cuireadh in iúl do Bhean Uí Dhrisceoil go mbeadh ardú céime aici ina post. Ach mar sin féin, tá cinneadh déanta ag an Uas. Ó Drisceoil saoire thuismitheoireachta a ghlacadh i míonna Iúil agus Lúnasa. Bheartaigh teaghlach Uí Dhrisceoil a mBuiséad a leasú mar gheall ar na cúinsí athraithe.

Iarrtar ort an Buiséad Leasaithe a chomhlánú, agus na nithe seo thíos a chur san áireamh:

- Gheobhaidh Bean Uí Dhrisceoil €4,830 glan gach mí ó 1 Iúil 2017.
- De bharr shaoire thuismitheoireachta an Uasa. Uí Dhrisceoil ní bheidh tuarastal ar bith aige i mí Iúil ná i mí Lúnasa 2017.
- Gheobhaidh teaghlach Uí Dhrisceoil €75 as seantroscán a dhíol ar e-bay i mí Iúil.
- **Méadófar** aisíocaíochtaí morgáiste de 2% ó 1 Meán Fómhair 2017.
- Déanfaidh teaghlach Uí Dhrisceoil aisíocaíocht amháin ar an iasacht i mí Iúil agus íocfaidh siad iarmhéid na hiasachta, €5,100, i mí Lúnasa.
- **Méadófar** an tÁrachas Bliantúil go €1,944, iníoctha go míosúil ó 1 Lúnasa 2017.
- Tiocfaidh **laghdú** de 15% in aghaidh na míosa ar chostais teaghlaigh ó 1 Iúil 2017.
- Tiocfaidh **laghdú** de 45% ar chostais siamsaíochta i mí Iúil agus i mí Lúnasa 2017.
- Cuirfear an tsaoire a bhí pleanáilte ag teaghlach Uí Dhrisceoil i mí Lúnasa ar athlá.
- Ní bheidh athrú ar bith ar aon ioncam ná ar aon chaiteachas eile.

(28)

**(B)** (i) Ríomh cén céatadán d'ardú a gheobhaidh Bean Uí Dhrisceoil ar a pá mar gheall ar a hardú céime. Taispeáin do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 10 de Roinn A.)*

(ii) Mínigh an téarma 'Caiteachas Roghnach'. *(Freagair ar leathanach 10 de Roinn A.)*

(iii) Sa Chéad Bhuiséad, luaigh mí ina raibh ioncam pleanáilte níos mó ná caiteachas pleanáilte. *(Freagair ar leathanach 10 de Roinn A.)*

(iv) Sa Chéad Bhuiséad, cé mhéad a bhí teaghlach Uí Dhrisceoil ag súil lena choigilt sna trí mhí? *(Freagair ar leathanach 10 de Roinn A.)*

(v) An buiséad maith é an Buiséad Leasaithe?
Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra. *(Freagair ar leathanach 10 de Roinn A.)*

(12)
**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo faoi Chuntas Club**.

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Bhí stoc tosaigh €2,100 ag Club Rámhaíochta na Maidí Rámha ina bheár ar 1 Eanáir 2016.
Seo thíos achoimre ar bhearta airgeadais an chlub don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016:

| **Fáltais**: | **€** |
|---|---|
| Díolacháin sa Bheár | 19,260 |
| Ioncam ó Gheallta Bád | 8,270 |
| Síntiúis | 9,760 |
| Ioncam ó Ócáid Tiomsaithe Airgid | 9,620 |
| Urraíocht | 1,700 |
| | |
| **Íocaíochtaí**: | **€** |
| Árachas | 6,260 |
| Ceannach Trealaimh | 16,700 |
| Deisiúcháin ar Threalamh | 140 |
| Ceannacháin don Bheár | 15,300 |
| Speansais Ghinearálta | 5,740 |
| Solas agus Teas | 6,210 |
| Caiteachas ar Gheallta Bád | 3,210 |
| Speansais ar Ócáid Tiomsaithe Airgid | 2,670 |

Eolas breise ar 31 Nollaig 2016:

(i) Stoc sa Bheár €2,280
(ii) Solas agus Teas dlite €210
(iii) Síntiúis dlite €240
(iv) Speansais Ghinearálta réamhíoctha €720
(v) Trealamh le dímheas de 15%.

**(A)** Ullmhaigh:

(i) Cuntas Trádála Beáir don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016.
(ii) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016. (34)

**(B)** Ag an CGB (AGM), mhol an tOifigeach Club a thugann tuairisc ar na cuntais do na baill gur ghá clubtheach an chlub a athchóiriú, rud a chosnódh €65,000.

(i) Cén teideal atá ar an Oifigeach Club a thugann tuairisc ar na cuntais do na baill?
(ii) Luaigh agus mínigh foinse oiriúnach **amháin** airgeadais a d'fhéadfadh Club Rámhaíochta na Maidí Rámha a úsáid chun athchóiriú an chlubthí a mhaoiniú.

(6)
**(40 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann le Fás Geilleagrach agus le Trádáil Idirnáisiúnta**

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

**(A)** D'ísligh an Rialtas a réamhaisnéis ar fhás an OTI in 2017 go 3.5% mar gheall ar chinneadh na Breataine an tAontas Eorpach a fhágáil.

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha OTI?

(ii) Mínigh **trí** shochar d'Éirinn a bhaineann le bheith ina ball den Aontas Eorpach.

(iii) Mínigh toradh **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag cinneadh na Breataine i gcás:

- Gnólachtaí i bPoblacht na hÉireann a easpórtálann earraí go dtí an Bhreatain.
- Daoine in Éirinn atá ag iarraidh taisteal go dtí an Bhreatain.

(18)

**(B)** Tá méadú tagtha ar fhás geilleagrach na hÉireann le trí bliana anuas.

Luaigh tionchar an mhéadaithe seo ar **gach ceann** díobh seo a leanas:

(i) Cúrsaí fostaíochta in Éirinn.

(ii) Íocaíocht na Coimirce Sóisialaí.

(iii) Ioncam an Rialtais.

(6)

**(C)** Tá an trádáil idirnáisiúnta riachtanach do théarnamh gheilleagar na hÉireann.

(i) Déan idirdhealú idir easpórtálacha sofheicthe agus easpórtálacha dofheicthe.
Bain úsáid as sampla **amháin** de **gach** cineál easpórtála chun do fhreagra a mhíniú.

(ii) Baineann na sonraí seo a leanas leis an trádáil idirnáisiúnta a bhí ag tír don bhliain 2016:

| | **€** |
|---|---|
| Iompórtálacha Dofheicthe | 2,600 milliún |
| Easpórtálacha Sofheicthe | 3,620 milliún |
| Easpórtálacha Dofheicthe | 2,670 milliún |
| Iompórtálacha Sofheicthe | 3,330 milliún |

(a) Ó na sonraí thuas, ríomh Comhardú na Trádála **agus** Comhardú na nÍocaíochtaí.
Taispeáin do chuid oibre.

(b) Luaigh i **ngach** cás cé acu an comhardú barrachais nó comhardú easnaimh atá ann.

(16)
**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo a Bhaineann le hÁrachas**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Cónaíonn Lisa Ní Aimhirgin, a rugadh ar 21 Iúil 1975, i Sráid Rósmháire, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann. Is saighdiúir í. Is mian léi árachas saoil, ar fiú €250,000 é, a cheannach ar a saol féin toisc gur phós sí le déanaí. Ní ólann Lisa alcól, ní chaitheann sí tobac agus níl aon fhadhbanna sláinte aici. Nuair a bhíonn am saor aici is maith léi dul ag léimneach ó pharaisiút. Is mian léi dochar díreach a úsáid chun a préimh a íoc. Rinne sí teagmháil lena cara, Dáithí Ó Lúing, An tSráid Ard, Biorra, Co. Uíbh Fháilí le comhairle a lorg ar cé acu polasaí árachas saoil ba chóir di a cheannach.

**(A)** (i) Scríobh an litir a sheol Dáithí chuig Lisa ar 15 Bealtaine 2017 agus mínigh an difríocht atá idir Árachas Dearlaice agus Árachas Lánsaoil.

(ii) Agus comhairle Dháithí á leanúint aici cinneann Lisa ar Pholasaí Árachas Lánsaoil a cheannach. Cuir i gcás gur tusa Lisa, comhlánaigh an fhoirm thogra atá ar *leathanach 11 de Roinn A* agus bain úsáid as dáta an lae inniu.

(iii) Cén teideal atá ar an duine i gcuideachta árachais a ríomhann an phréimh?

(32)

Is mian le Lisa fosta árachas a cheannach dá teach ar €240,000 agus don inneachar ar €70,000. Faigheann sí luachan €16 an €15,000 don teach agus €28 an €5,000 don inneachar. Laghdófar costas an inneachair de 15% toisc aláram buirgléireachta a bheith suiteáilte aici.

**(B)** Ríomh an phréimh árachais a bheidh ar Lisa a íoc.
Taispeáin do chuid oibre.

(8)
**(40 marc)**

**5.** **Ceist í seo ar Bhaincéireacht.**

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Tá cuntas ag Mairéad de Paor i mBanc AIB i dTuaim, Co. na Gaillimhe.

Fuair sí an Ráiteas Bainc seo a leanas ar 2 Meitheamh 2017:

| **AIB**<br>**An Chearnóg**<br>**Tuaim** | **Ráiteas Cuntais** | Teil: 093 - 364574<br>Facs: 093 - 364577<br>Cód an Bhrainse: 93-71-21<br>Cód Aitheantais an Bhrainse: AIBTUIE4D |
|---|---|---|

| Mairéad de Paor<br>Bóthar an Teampaill<br>Tuaim | |
|---|---|
| **Ainm an Chuntais**: | Mairéad de Paor Cuntas Uimhir 1 |
| **Uimhir an Chuntais**: | 550591961 |
| **IBAN**: | IE39 AIBTU 9371550591961 |
| **Dáta an Ráitis**: | 31 Bealtaine 2017 |
| **Uimhir an Ráitis**: | 509 |

| **Dáta** | **Sonraí na mBeart** | **Dr** | **Sr** | **Iarmhéid** |
|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € |
| 01 Beal. 2017 | Iarmhéid Ar Aghaidh | | | 1120.00 |
| 05 Beal. 2017 | Seic Uimh. 560812 | 1500.00 | | 380.00 DR |
| 08 Beal. 2017 | DD - Energia | 136.00 | | 516.00 DR |
| 09 Beal. 2017 | Pá-chonair | | 1620.00 | 1104.00 |
| 12 Beal. 2017 | ILAE - AIB Visa | 1000.00 | | 104.00 |
| 17 Beal. 2017 | Buanordú - Vodafone | 66.00 | | 38.00 |
| 21 Beal. 2017 | Aistriú Creidmheasa | | 425.00 | 463.00 |
| 30 Beal. 2017 | Táillí Bainc | 12.00 | | 451.00 |
| 31 Beal. 2017 | UMB Sligeach | 100.00 | | 351.00 |

**(A)** (i) Cé acu an cuntas taisce nó cuntas reatha atá ag Mairéad?
Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

(ii) Mínigh cén fáth a bhfuil 'DR' sa cholún Iarmhéid ar an 5 Bealtaine 2017 agus ar an 8 Bealtaine 2017.

(iii) Mínigh an difear idir na bearta ar an 8 Bealtaine 2017 agus ar an 17 Bealtaine 2017.

(iv) Mínigh 'Pá-chonair'. Luaigh **dhá** bhuntáiste do Mhairéad a bhaineann le 'Pá-chonair'.

(v) Mínigh an beart ar 12 Bealtaine 2017.

(vi) Luaigh **dhá** mhír fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith san áireamh san iontráil dar dháta 30 Bealtaine 2017.

(vii) Cad dó a seasann na túslitreacha 'UMB'? Mínigh **dhá** sheirbhís atá ar fáil do Mhairéad tríd an UMB.

(33)

**(B)** Níl an dá mhír seo a leanas ar Ráiteas Bainc Mhairéad:

- Seic (Uimh. 560813) faoi choinne €400 a scríobh Mairéad ar 28 Bealtaine 2017.
- Aistriú creidmheasa €50 go dtí Cuntas Mhairéad ar an 31 Bealtaine 2017.

Ríomh a hiarmhéid deiridh bainc tar éis an **dá** mhír thuas a chur san áireamh.
Taispeáin do chuid oibre.

(7)
**(40 marc)**

6. **Ceist í seo faoi Phá agus faoi Dhaoine ag Obair**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** Tá Conchúr Caomhánach fostaithe mar bhainisteoir ag Bonbon Teo. Is 35 uair sa tseachtain a ghnáthsheachtain oibre ach uaireanta déanann sé ragobair. Is é a bhunráta pá €770 ar sheachtain 35 uair. Íoctar pá ragoibre ar ráta am go leith don chéad chúig uaire agus am dúbailte ar uaireanta sa bhreis ina dhiaidh sin. I Seachtain Uimh. 5 rinne sé 42 uair oibre.

Íocann Conchúr ÍMAT ar ráta 40% agus ÁSPC/MSU ar 10.5%. Is é a chreidmheas cánach bliantúil ná €3,380. Íocann sé €40 ar árachas sláinte agus infheistíonn sé €75 i gciste coigiltis. Baineann a fhostóir an dá shuim seo óna phá.

(i) Mínigh an difríocht atá idir 'bunphá' agus 'ragobair'.

(ii) Comhlánaigh duillín pá Chonchúir do Sheachtain Uimh. 5 agus bain úsáid as an doiciméad bán *ar leathanach 12 de Roinn A*. Taispeáin do chuid oibre *(ar an leathanach céanna*).

(iii) Bain úsáid as Duillín Pá Chonchúir agus sainaithin a Asbhaintí Reachtúla.

(32)

**(B)** Toisc go mbeidh Conchúr cúig bliana fostaithe ag Bonbon Teo. ag deireadh 2017 beidh sé ábalta a shochar comhchineáil féin a shocrú trí idirbheartaíocht.

(i) Mínigh an téarma 'sochar comhchineáil' **agus** tabhair **dhá** shampla.

(ii) Luaigh **dhá** cheart atá ag Conchúr mar fhostaí de chuid Bonbon Teo.

(8)
**(40 marc)**